



An tÚdarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaigh Mhara

Tuarascáil Bhliantúil 2006

**An Roinn Cumarsáide,
Mara agus Acmhainní Náúrtha
Éire**

www.dcmnr.gov.ie



An tÚdarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaigh Mhara

Tuarascáil Bhliantúil 2006

**An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha,
Páirc Teicneolaíochta Iarthar Chorcaí,
Cluain na Coillte,
Co. Chorcaí,
Éire**

Teileafón: -353-1-6782000

Facs: -353-1-6783354

Ríomhphost: seafishingboats@dcmnr.gov.ie

www.dcmnr.gov.ie/Marine/Sea+Fisheries/Fishing+Boat+Licensing

Tuarascáil don Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha ar fheidhmiú fheidhmeanna an Údaráis Ceadúnúcháin um Báid Iascaigh Mhara sa bhliain 2006, de bhun alt 3(7) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003.

Réamhrá

De réir alt 3 den Acht Iascaigh (Leasú) 2004 (Uimh. 21 de 2003), aistríodh feidhm ceadúnú báid iascaigh mhara ón Aire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha chuig an Údarás Ceadúnúcháin um Báid Iascaigh Mhara le feidhm ón 1ú Iúil 2003. Mar a shonraítear san Acht sin, is é tArd-Chláráitheoir Bád Iascaigh an tÚdarás Ceadúnúcháin nó, an Leas-Ard-Chláráitheoir Bád Iascaigh faoi mhaoirseacht an Ard-Chláráitheora.

Cheap an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha an tArd-Chláráitheoir agus an Leas Ard-Chláráitheoir faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006 (Uimh. 8 de 2006). Is é an tArd-Chláráitheoir ná Paschal Hayes agus is é an Leas Ard-Chláráitheoir ná Brendan Linehan, beirt oifigeach ón Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha. Thóg an tUasal Hayes áit Aidan Hodson le héifeacht ón 6ú Deireadh Fómhair 2006.

Forbhreathnú Reachtaíochta maidir le Ceadúnú agus Clárú

Leagadh amach an reachtaíocht a rialaíonn ceadúnú bád iascaigh mhara atá i bhfeidhm ó 2006 in alt 4 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (mar a ionsádh ag alt 97 d'Acht Iascaigh Mhara agus Dlínsé Muirí 2006. Leagadh amach an reachtaíocht ag rialú clárú bád iascaigh mhara i 2006 in alt 76 den Acht Iascaigh Mhara agus Dlínsé Muirí 2006, agus na Rialacháin Loingseoireachta Cheannaigh (Clárlann, Litriú agus Uimhriú na mBád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005).

Forálann an tAcht 2003 go mbeidh an tÚdarás Ceadúnúcháin neamhspleách i gcleachtadh a c(h)uid feidhmeanna faoi réir -

- (a) an dlí atá i bhfeidhm ag an am sin maidir le ceadúnú bád iascaigh mhara, dualgais dhlíthiúla an Stáit ag eascairt faoi aon dlí de chuid institiúid den Chomhphobal Eorpach go háirithe nó comhaontaithe idirnáisiúnta atá ina cheangal ar an Stát, agus na treoracha polasaí maidir le ceadúnú bád iascaigh mhara a d'fheadfadh an tAire a thabhairt i scríbhinn ó am go ham.

Forálann an tAcht 2003 gur féidir achomharc a déanamh ar chinntí an Údaráis Cheadúnúcháin ar iarratais ar cheadúnas nó ar chúlghairm nó ar leasú ceadúnais chuig Oifigeach Achomhairc laistigh d'aon mhí amháin den chinneadh, den chúlghairm nó den leasú. Tá cead ag duine atá míshásta le cinneadh a dhéanann an tOifigeach Achomhairc cur isteach ar an Ardchúirt le haghaidh Athbhreithnithe Dlíthiúil ar an gcinneadh.

Chuir Rialacháin na Loingseoireachta Ceannaigh (Clárlann, Litriú agus Uimhriú Bád Iascaigh) 2005 (I.R. Uimh. 261 de 2005) an dlí i gcomhréir le riachtanais an AE maidir le tomhas tonnáiste agus toisí bád iascaigh chomh maith leis na nósanna imeachta maidir le clárú bád iascaigh a nuashonrú. Thionscain na Rialacháin riachtanas freisin gur gá na táscairí deighilte le haghaidh soithigh atá cláraithe i ndeighleoga áirithe den chabhlach (Fodheighleog Potaithe agus Deighleog Dhobharshaothraithe), chomh maith leis an gCód Calaidh agus an Uimhir Chláraithe, a mharcáil ar chloigeann an tsoithigh.

De bhreis ar an dlí náisiúnta agus teoracha polasaí Aireachta, tá páirt thábhachtach ag dlí an AE i gcabhlach iascaigh mhara na hÉireann a bhainistiú, rud atá soiléir ó fhorálacha an Achta 2003 dar dtagraítear thuas. Cuireann Rialachán na Comhairle 2371/2002 ar chaomhnú agus dúshaothrú inbhuanaithe acmhainní iascaireachta iachall ar Bhallstáit faoin gComhbheartas Iascaireachta beartais a chur i bhfeidhm chun cumas iascaireachta a gcuid cabhlach a mhionathrú chun cothromaíocht dhaingean agus bhuan idir an cumas iascaireachta sin agus a gcuid deiseanna iascaireachta a bhaint amach. Cuireann sé ar chumas an Choimisiúin Eorpaigh Leibhéal Thagartha a bhunú do gach Ballstát (teorainneacha ar chumas cabhlaigh go héifeachtúil) curtha in iúl i dtéarmaí olltonaí ("GT") agus cumhacht innill (cileavatanna - "kW") i gcomhair cumas iomlán iascaireachta na soitheach iascaireachta atá brat den Bhallstát sin ar foluain acu. Cuireann sé iachall ar Bhallstáit gan na Leibhéal Thagartha seo a shárú agus iontrálacha sa chabhlach agus imeachtaí ón gcabhlach a bhainistiú ionas go ndéanfar, ón 1 Eanáir 2003, iontráil cumais nua sa chabhlach gan chúnamh poiblí a chúiteamh leis an aistarraingt roimhe sin gan chúnamh poiblí den mhéid cumais céanna ar a laghad. Leagann an Rialachán amach freisin forálacha a bhaineann le cothabháil clár cabhlach iascaigh ag Ballstáit chomh maith le clár cabhlaigh an Chomhphobail, ag cuimsiú faisnéise a soláthraítear Ballstáit ar thréithe agus ar ghníomhaíochtaí soitheach.

Sonraíonn Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 an 12ú Lúnasa 2003, a leagann síos rialacha forfheidhmiúcháin Pholasaí Chabhlaigh an Chomhphobail mar atá sainmhínithe i Rialachán na Comhairle, na Leibhéal Thagartha do chabhlaigh iascaigh na mBallstát. Tá staid Chabhlach na hÉireann i 2006 leagtha amach sa tuarascáil seo.

Teoracha Beartais don Údarás Ceadúnúcháin

Leag Treoir Bheartais 2/2003 a d'eisigh an tAire Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádurtha amach ar an 17ú Samhain chuig an Údarás Ceadúnúcháin de réir alt 3 (2)(b) den Acht 2003 beartas foriomlán maidir le

ceadúnú bád iascaigh mhara amach. Leagadh amach an beartas seo ag féachaint do rialacha nua an AE maidir le bainistíocht cabhlaigh agus lean sé athbhreithniú ar staid chabhlach iascaigh na hÉireann agus cumas bainteach. D'eisigh an tAire Treoir Bheartais bhreise amháin chuig an Údarás Ceadúnúcháin le linn 2006:

- Treoir Bheartais 1/2006 dátaíte an 31ú Eanáir 2006

Dhírigh an Treoir Bheartais seo ar dhá cheist. Ar an gcéad dul síos thug sé aghaidh ar an ngá a bhí ann aistriú cumais a sheachaint sna hearnálacha den chabhlach a rabhthas ag díriú orthu faoi na scéimeanna díchoimisiúnaithe 2005-2007 trí na deighleoga ilfhiúsacha agus sainiúla den chabhlach a bhí ann cheana a athdheighilt. Ar an dara dul síos, lean an Treoir an moratóir ar chuntas teiste peiligeach gníomhach le 2005 a chumhdach.

Is féidir téacsanna na dTreoracha Beartais go léir a eisíodh chuig an Údarás Ceadúnúcháin a fheiceáil ar láithreán gréasáin na Roinne.

Cur síos ar Chabhlach Iascaigh na hÉireann

De réir Threoir Bheartais 2/2003, roinneadh Cabhlach Iascaigh na Éireann i gcúig dheighleog. Choimeád an deighilt chabhlaigh seo go bunúsach an deighilt chabhlaigh a foráileadh di i dTreoirchlár Ilbhliantúil an AE, ar cuireadh Rialachán na Comhairle 2371/2002 ina áit, agus deighleog Dhobharshaothraithe nua curtha leis. Níl ceadaithe aistriú cumais idir na deighleoga agus ní mór athchur cumais a bhaint den deighleog ina bhfuil soitheach á thabhairt isteach, ach amháin i gcúinsí áirithe mar atá leagtha amach sa Treoir Bheartais. Leagtar amach thíos cur síos ginearálta ar na deighleoga cabhlaigh, agus a gcomhshuíomh ag deireadh 2006:

- **Deighleog Pheiligeach Uisce Farraige Cuisniúcháin (RSW):** Chuimsigh an deighleog seo 23 soitheach ag gabháil go príomha d'iascaireacht speiceas peiligeach (scadán, ronnach, bolmán, agus faoitín gorm don chuid is mó).
- **Deighleog Trálaer Bíoma:** Chuimsigh sé seo 14 soitheach, atá tugtha do thrálaeireacht bhíoma.
- **Deighleog Ilfhiúsach:** Chuimsigh an deighleog seo 1,640 soitheach, mórchuid mhór an chabhlaigh. Tá na soithigh seo ilchuspóireach agus áirítear i measc soithigh bheaga chois cladaigh (líontóirí agus potairí), agus soithigh mheánacha agus mhóra ón bhfarraige amuigh ag díriú ar iasc geal, iasc peiligeach agus mhoilisc dhébhlaoscacha. Áirítear ar an deighleog seo freisin soithigh atá ceadúnaithe agus cláraithe faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaigh Phota Thraidisiúnta i gCabhlach Cois Cladaigh hÉireann. Seoladh an scéim do chlárú bád potaithe traidisiúnta sa chabhlach cois cladaigh nach raibh cláraithe cheana i 2003 tar éis faomhadh ón gCoimisiún Eorpach. Tá na soithigh photaithe seo, nach bhfuil ceadaithe dóibh ach iascaireacht a dhéanamh le haghaidh speiceas neamhchuóta agus le potaí, imfhálaithe laistigh den deighleog seo agus níl ceadaithe do chumas na mbád seo a úsáid in aon áit eile sa deighleog chun críche comhlíonadh na réime iontrála/imeachta.
- **Deighleog Shainiúil:** Bhí 111 soitheach sa deighleog seo, atá ceadaithe iascaireacht a dhéanamh le haghaidh moileasc débhlaoiscach agus speiceas do Bharshaothraithe.
- **Deighleog Dhobharshaothraithe:** Ní mór na soithigh seo a úsáid go heisiatach i limistéir dhobharshaothraithe a bhainistiú, a fhorbairt agus a sheirbhísiú agus is féidir leo speitín a bhailiú ó stoic dhiúilicíní fiáine mar chuid de sheirbhís do shuiteálacha

dobharshaothraithe, faoi réir ag coinníollacha áirithe, mar a cinneadh i gcomhthéacs Airteagal 1 de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003. Níl an deighleog seo, ina raibh 23 soitheach, le cumas iomlán de 4,345 GT agus 9,622 kW, faoi réir ag an réim iontrála/imeachta.

Comhlíonadh le Leibhéal Thagartha agus Síleáil Chabhlaigh

Is iad na Leibhéal Thagartha le haghaidh Chabhlaigh Iascaigh na hÉireann mar a leagadh amach i Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 ná 86,981 GT agus 230,226kW. Is í síleáil an chabhlaigh staid chumas an chabhlaigh mar atá ag an 1ú Eanáir 2003, faoi réir ag ceartuithe ceadaithe nach sáraíonn na Leibhéal Thagartha. Is í síleáil an chabhlaigh an bunlíne le haghaidh oibríocht na réime dul iontrála/imeachta. B'í síleáil an chabhlaigh d'Éirinn ag an 31ú Nollaig 2006 ná 82,957 GT agus 217,138 kW. Déantar é seo a áireamh trí mhéid na n-imeachtaí a dhealú ón gcabhlach arna mhaoiniú ag cúnamh poiblí, m. sh. tríd an Scéim Dhíchoimisiúnaithe, ó na Leibhéal Thagartha.

B'í staid chumas chabhlaigh iascaigh na hÉireann ag an 1ú Eanáir 2006 ná a leanas (figiúirí athcheartaithe):

Deighleog	Líon na Soitheach	GT	kW
Ilfhiúsach	1,229	41,056	133,136
Peiligeach	23	36,355	47,771
Trál Bíoma	13	1,943	7,387
Sainiúil	135	4,921	20,377
Iomlán	1,400	84,275	208,671
Dobharshaothar	15	3,391	7,497

B'í staid chumas chabhlaigh iascaigh na hÉireann ag an 31ú Nollaig 2006 ná:

Deighleog	Líon na Soitheach	GT	kW
Ilfhiúsach ¹	1,640	39,241	136,989
Peiligeach	23	35,865	47,771
Trál Bíoma	14	2,002	6,953
Sainiúil	111	3,561	14,879
Iomlán	1,788	80,669	206,591
Dobharshaothar	23	4,345	9,622

Ba chóir a thabhairt faoi deara, áfach, go bhfuil na Leibhéil Thagartha agus an staid chumais faoi réir ag ceartúchán. Caithfear leasú a dhéanamh ar na figiúirí leis an méid seo a leanas a thabhairt san áireamh:

1. *Aththomhas*: Tugann Rialachán an Choimisiúin 1438/2003 caoi do cheartú an Leibhéil Thagartha agus don staid chumais le haghaidh tonnáiste le caighdeánú thomhas an tonnáiste i dtéarmaí Tonaí Comhlána (GT) de réir Rialachán na Comhairle 2930/86 a thabhairt san áireamh, mar a leasaigh Rialachán na Comhairle 3259/94. Áirítear luachanna GT le haghaidh soitheach a bhí aththomhaiste ó Eanáir 2003 sna figiúirí cumais tonnáiste leagtha amach thuas don 1ú Eanáir 2006 agus don 31ú Nollaig 2006 ach caithfidh na Leibhéil Thagartha a leasú ag an gCoimisiún Eorpach len é sin a léiriú.
2. *Soithigh Cois Cladaigh*: Beidh gá ceartú a dhéanamh ar na Leibhéil Thagartha agus ar an staid chumais ar chríochnú do cheadúnú agus clárú na soitheach faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaigh Phota Traidisiúnta i gCabhlach Cois Cladaigh na hÉireann agus faoin scéim cois cladaigh a bhí ann roimhe sin. Tá soláthar déanta le haghaidh clárú bád cois cladaigh, le caoi a thabhairt do chríochnú

¹ Áirítear orthu seo 468 soitheach ceadúnaithe agus cláraithe ag an 31ú Nollaig faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaigh Phota i gCabhlach Cois Cladaigh na hÉireann le cumas iomlán de 1082 GT agus 14, 017 kW.

deiridh na scéimeanna cois cladaigh seo, i bhfonóta (1) le hIarscríbhinn 1 de Rialachán an Choimisiúin maidir le leibhéil thagartha do chabhlaigh na mBallstát. Tuigeann an tÚdarás Ceadúnúcháin go bhfuil soláthar déanta ag an gCoimisiún do 3,904 GT agus do 35,914 kW le háireamh i Leibhéil Thagartha na hÉireann maidir le críochnú clárú na soitheach iascaigh cois cladaigh atá i gceist. Tá tuilleadh faisnéise ar dhul chun cinn na hoibre ar an Scéim Ceadúnais Phota Chois Cladaigh leagtha amach ar leathanach 11.

3. *Soithigh Dheighleoga Shainiúla*: Chuir an Coimisiún Eorpach 6,706 GT agus 28,259 kW san áireamh maidir le soithigh sa deighleog seo agus na Leibhéil Thagartha d'Éirinn á ríomh aige. Tá an tÚdarás Ceadúnúcháin den tuairim áfach go bhfuil na figiúirí seo níos lú ná cumas iarbhír na soitheach sa deighleog seo ar an 1ú Eanáir 2003 agus sheol liosta nuashonraithe de na soithigh a bhí i gceist chuig an gCoimisiún i 2004. Tá gá ann, dá bhrí sin, na leibhéil thagartha a cheartú, de réir fhonóta (1) le hIarscríbhinn de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003.

Tá baint ag an bhfaisnéis bhreise seo a leanas le monatóireacht ar chomhlíonadh leis an réim iontrála/imeachta agus leis na Leibhéil Thagartha:

- Níor deonaíodh aon mhéaduithe ar thonnáiste i 2006 faoi fhorálacha "tonnáiste sábháilteachta" in Airteagal 11(5) de Rialachán na Comhairle 2371/2002 agus Airteagal 8 de Rialachán an Choimisiúin 1438/2003.
- Níor faomhadh aon soithigh sa chabhlach Éireannach le haghaidh cúnamh poiblí maidir le hathnuachan agus nuachóiriú tar éis na Nollag 2002.

Gníomhaíochtaí an Údaráis Cheadúnúcháin i 2006

Iarratais ar Cheadúnais agus ar Athnuachaintí

Fuarthas 240 iarratas san iomlán ar cheadúnais bháid iascaigh mhara i rith na bliana. Aistarraingíodh 11 díobh seo ina dhiaidh sin. Rinneadh cinntí ar na hiarratais go léir laistigh den tréimhse 3 sheachtain a sonraíodh i bplean gníomhaíochta na Roinne maidir le seirbhís do chustaiméirí seachas i líon beag cásanna a raibh gá le hathbhreithniúchán breise nó tuilleadh faisnéise maidir leo. Rinneadh ceadúnú agus clárú ar líon áirithe cásanna ina raibh tairiscintí ceadúnais eisithe, lena n-áirítear tairiscintí ceadúnais a eisíodh i 2005, ina dhiaidh sin i rith 2006, tar éis do na hiarrthóirí a bhí i gceist na riachtanais chuí maidir le ceadúnú agus clárú a chomhlíonadh.

Rinneadh athnuachan ar líon substaintiúil de cheadúnais le haghaidh soitheach iascaigh níos lú ná 15 mhéadar i bhfad foriomlán a d'imigh as feidhm ar an 30ú Meitheamh 2006 de réir riachtanais an Achta Um Shábháilteacht Mhuirí 2005.

Clár Cabhlaigh

Tháinig an córas tuairiscithe maidir le Clár Cabhlaigh an AE i bhfeidhm ar an 1ú Meán Fómhair 2004. Cuireann seo iachall ar gach Ballstát "alaghráf" dá chabhlach iascaigh maraon leis na sonraíochtaí sonraithe i Rialachán an Choimisiúin 26/2004 le haghaidh gach soithigh ina bhunachar a sheoladh trí mheán leictreonach chuig an gCoimisiún Eorpach ar bhonn ráithiúil, ag tosú ar an 1ú Meán Fómhair 2004. Sheol an tÚdarás Cheadúnúcháin na halaghrafanna a bhí ag teastáil ar an 1ú Márta, 1ú Meitheamh, 1ú Meán Fómhair agus ar an 1ú Nollaig mar ba ghá. Réitíodh aon earráidí a aithníodh de réir Rialacha Gnó an Choimisiúin Eorpaigh le haghaidh an tarchuir alaghraif laistigh de na spriocamanna a leagadh síos sa rialachán maidir le tuairisciú cabhlaigh.

Báid Photaireachta Chois Cladaigh

Lean ceadúnú agus clárú soitheach a bhí formheasta i 2004 faoin Scéim um Cheadúnú Bád Iascaigh Phota Traidisiúnta i gCabhlach Cois Cladaigh na hÉireann sna cásanna inar chomhlíon na soithigh na riachtanais le haghaidh ceadúnaithe. Istigh leis na riachtanais seo bhí soláthar dearbhú comhlíonta

leis na riachtanais sábháilteachta a bhí infheidhmithe ar shoithigh iascaigh ó shuirbhéir neamhspleách.

Faoi dheireadh na bliana, bhí an próiseas ceadúnaithe agus cláraithe curtha i gcrích ag timpeall is 468 díobh seo, le cumas iomlán de 1082 GT agus 14,017 kW.

Suíomh gréasáin

De réir alt 3(8) den Acht Iascaigh (Leasú) 2003, lean an tÚdarás Ceadúnúcháin de ar fhaisnéis nuashonraithe go rialta ar iarratais ar cheadúnais agus ar chinntí ceadúnaithe a fhoilsiú ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Achomhairc

Rinne triúr Oifigeach Achomhairc a cheap an tAire faoi alt 6 den Acht Iascaigh (Leasú) 2003 (Uimh. 21), cinntí ar achomhairc i 2006, An tUasal Michael Vallely BL, An tUasal Miriam Reilly BL agus An tUasal Emile Daly BL . I Meán Fómhair 2006 d'éirigh An tUasal Miriam Reilly BL as a post mar Oifigeach Achomhairc.

Le linn na bliana fuair an tÚdarás Ceadúnúcháin fógra ó Oifig Achomhairc ar 61 achomharc in aghaidh cinntí ar cheadúnú, ar bhain 40 díobh leis an Scéim Ceadúnúcháin um Báid Iascaigh Phota Traidisiúnta i gCabhlach Cois Cladaigh na hÉireann, ar bhain 17 díobh le diúltú do Chumas Athchuir maidir le hIarratais ar Cheadúnais Bháid Iascaigh Mhara, agus ar bhain 4 díobh le cur isteach coinníoll ceadúnais i gceadúnas.

Rinneadh cinntí ar 55 achomharc roimh dheireadh na bliana, agus aistarraingíodh 4 chás breise agus bhí 2 cheann neamhbhailí. Tá ainmneacha na n-achomharcóirí, na nOifigeach Achomhairc atá i gceist agus cinntí na nOifigeach Achomhairc foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne.

Soláthar foirne agus socruithe eagraíochta

B'iad na hacmhainní maidir le soláthar foirne a cuireadh ar fáil don Údarás Ceadúnúcháin, taobh amuigh den Ard-Chláraitheoir agus den Leas Ard-Chláraitheoir, ná iad seo a leanas:

2 Ardoifigeach Feidhmiúcháin

3 Oifigeach Feidhmiúcháin

1 Oifigeach Foirne

2 Oifigeach Cléireachais.

Cabhraíodh leis an Údarás Ceadúnúcháin agus a gcuid feidhmeanna á gcur i gcrích aige trí idirchaidreamh leanúnach leis an Rannóg Forbraíochta agus Polasaí Biamara agus an Rannóg Rialaithe Biamara (ar a nglaohtar anois an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara).

Táim buíoch as an tacaíocht agus an gcúnamh a chuir an Leas Ard-Chláraitheoir, an t-Uasal Brendan Linehan agus mo réamhtheachtaí an t-Uasal Aidan Hodson, foireann an Údaráis Cheadúnúcháin agus rannóga eile na Roinne, le cur ar chumas an Údaráis Cheadúnúcháin a gcuid feidhmeanna a chur i gcrích.

*Paschal Hayes
Ard-Chláraitheoir na mBád Iascaigh
Meitheamh 2007*